# Droichead: Foireanna Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a chur le chéile

## Cad is Foireann Tacaíochta Gairmiúla ann?

Is é príomhchuspóir Droichead tacú le foghlaim ghairmiúil na Múinteoirí Nuacháilithe (MNCanna) le linn a gcéim ionduchtaithe, chun bonn a chur faoi fhás agus foghlaim ghairmiúil eile a dhéanfaidh sa chéad chéim eile dá ngairmré. Cuid thábhachtach den phróiseas seo is ea caidreamh an MNC le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu, agus machnamh ar na comhráite gairmiúla a bhíonn ann i dtaobh a bhfoghlaim agus a gcleachtas gairmiúil féin.

Is éard is FTG ann foireann de mhúinteoirí lánchláraithe a bhfuil taithí cúig bliana acu, más féidir (a bhféadfadh an príomhoide a bheith san áireamh) agus a fuair oiliúint ón Rannán Ionduchtúcháin Droichead chun tacú le próiseas Droichead. Oibríonn an FTG le chéile chun múinteoir nua-cháilithe (MNC) a thacú le linn chéim an ionduchtaithe. I mbeagán focal, is é ról FTG **an MNC a threorú agus a thacú** le linn an ionduchtaithe scoile agus **dearbhú i bpáirt a thabhairt in éineacht leis an MNC** (trí Fhoirm D a shíniú) go raibh siad páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama. Chun FTG a threorú ina ról, féachtar go mion le linn na hoiliúna don FTG ar na freagrachtaí a mholtar do bhaill an FTG.

Is féidir go mbeidh éagsúlacht mhór i méid agus i gcomhdhéanamh an FTG, ag brath ar an scoil i dtrácht. Cé gur féidir suas le triúr ball de FTG a oiliúint in aon tréimhse trí bliana, is gá beirt ar a laghad a bheith in FTG chun próiseas Droichead a thosú le MNC.



CC BY NC

Iarrtar ar bhaill fhoireann FTG gealltanas a thabhairt go mbeidh siad ina mbaill go ceann trí bliana. Faigheann gach ball den FTG dhá lá oiliúna ón Rannán Ionduchtúcháin Droichead. Tá an oiliúint ceaptha leis an scil agus an t-eolas is gá a thabhairt do bhaill FTG chun MNC a threorú tríd an bpróiseas. Tá clúdach ionaid ar fáil de réir threoirlínte An Roinn Oideachais.

Cé gur gnách do **phríomhoidí** roghnú dul isteach san FTG, is féidir leo ról maoirseora a dhéanamh, ag tacú leis an MNC agus leis an FTG trí phróiseas Droichead, ach gan a bheith mar bhall den FGT agus gan Foirm D a shíniú. Mar cheannairí na scoile, cothaíonn príomhoidí cultúr foghlama inar féidir le próiseas Droichead bláthú agus tacaíonn siad leis an FTG chun próiseas ardchaighdeáin ionduchtaithe a éascú.

**Conas a cheaptar an FTG?**

Tá slite éagsúla le FTG a bhunú. D'fhéadfadh an príomhoide cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí ar spéis leo a bheith ina mball de FTG agus atá toilteanach dul faoi fhorbairt ghairmiúil le bheith ina mball den FTG. Nó d'fhéadfaí FTG a dhéanamh as an bpríomhoide agus múinteoir amháin eile (e.g. i scoil bheag). Sa chás go bhfuil roinnt MNCanna i scoil, is féidir níos mó ná FTG amháin a chur le chéile tar éis é a phlé leis an Rannán Ionductúcháin Droichead ar bhonn cáis.

**Cad é an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn ó bhaill den FTG?**

De bhrí gurb é FTG an MNC a threorú agus a thacú le linn an ionduchtaithe scoile agus dearbhú i bpáirt a thabhairt in éineacht leis an MNC (trí Fhoirm D a shíniú) go raibh siad páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama, ba chóir go mbeadh baill den FTG:

- a bheith cláraithe go hiomlán agus taithí cúig bliana nó níos mó a bheith acu mar mhúinteoirí lánchláraithe
- a bheith go maith i mbun cumarsáide agus tuisceanach ar dearcthaí daoine eile
- a bheith dáiríre faoi thacaíocht ghairmiúil agus phearsanta a sholáthar
- a bheith ina n-eiseamláirí maithe agus stór maith stíleanna teagaisc acu
- a bheith dáiríre faoi ardchaighdeáin cleachtais agus iompair ghairmiúil
- a bheith sásta am agus iarracht a chaitheamh ar mhaithe le cleachtas an MNC agus a gcleachtas féin a fhorbairt
- a bheith oscailte agus ar a gcompord faoi mhúinteoirí eile a bheith ag féachaint orthu ag múineadh
- scileanna maithe caidrimh a bheith acu, tuiscint shoiléir ar na céimeanna d'fhorbairt múinteoirí (go háirithe an chéim ionduchtaithe) agus an cumas tacú leis an MNC agus dúshlán a thabhairt di/dó an fhoghlaim a fuair siad le linn OTM/cúrsa céime a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.

**An bhfuil samhlacha difriúla den FTG ann?**

Tá. Tá trí shamhail FTG ann – FTG inmheánach, FTG ar a bhfuil ball seachtrach amháin agus FTG idirscoile. Braitheann na samhlacha ar chomhdhéanamh na foirne. Na scoileanna a shocróidh cén tsamhail is fearr a d'oirfeadh dóibh féin.

Is féidir go mbeadh FTG (ina mbeidh beirt bhall ar a laghad) comhdhéanta de mhúinteoirí ón scoil i dtrácht amháin. Seo an tsamhail is coitianta faoi láthair. I gcás nach féidir le scoil FTG a chumadh as a foireann féin, tá dhá shamhail eile ann:

1. D'fhéadfadh scoil **ball seachtrach** a ainmiú ar an FTG.

Is féidir gur mhaith le príomhoide FTG a bhunú ina mbeidh baill foirne na scoile féin móide baill seachtrach amháin. Tá painéal de bhaill oilte FTG ag an Rannán Ionduchtúcháin Droichead agus tá na baill seo ar fáil do scoileanna eile, mar bhaill sheachtracha de FTGanna. Go hiondúil, is múinteoirí iad seo a d'oibrigh mar bhaill de FTG ina scoil féin agus a bhfuil MNC treoraithe acu ó thús deireadh phróiseas Droichead.

Chun ball a fháil ó ***Phainéal Seachtrach na Rannáin Ionduchtúcháin Droichead,*** ba chóir don phríomhoide scríobh chuig Oifig na Rannáin Ionduchtúcháin Droichead ag droicheadinduction@oide.ie.

Nó is féidir le scoil a mball seachtrach féin a ainmniú, ball a fhreastalóidh nó a d'fhreastail cheana féin ar oiliúint FTG.

A luaithe a bhíonn an ball seachtrach ceaptha ar an FTG, is faoin scoil Droichead atá sé prótacail a aontú leis an mball seachtrach FTG maidir le bheith páirteach sa phróiseas ar leibhéal na scoile. Is féidir go mbeidh éagsúlacht idir róil agus freagrachtaí gach ball den FTG agus an phríomhoide ó scoil go scoil, agus mar sin aontaítear iad sula gcuirtear tús le próiseas Droichead.

Próiseas comhoibritheach é i gcónaí tacú le MNC trí Droichead. Is gnách do bhall seachtrach de FTG cúpla cuairt a thabhairt ar an scoil Droichead le haghaidh comhráite gairmiúla le baill eile den FTG agus leis an MNC, agus chun breathnú a dhéanamh sa seomra ranga agus aiseolas a thabhairt. Is féidir go bhféachfaidh an óst-scoil, i gcomhar leis an MNC agus an ball seachtrach, cibé arbh fhéidir raon gníomhaíochtaí ionduchtaithe, m.sh. cruinnithe roimh agus tar éis breathnú, a dhéanamh le bogearraí/teicneolaíocht oiriúnach agus trí chuairt(eanna) a thabhairt ar an óst-scoil Droichead.

2.Féadfaidh scoil **samhail FTG idirscoile** a roghnú:

Mura bhfuil príomhoide in ann FTG a bhunú, b'fhéidir mar gheall ar mhéid na scoile, b'fhéidir gur mhaith leo smaoineamh ar nascadh le scoil nó scoileanna eile chun FTG idirscoile a bhunú. Nuair a bhíonn FTG comhdhéanta de mhúinteoirí ó níos mó ná scoil amháin, is gá a chinntiú go bhfreastalaíonn gach ball den FTG ar oiliúint um fhorbairt ghairmiúil FTG a sholáthraíonn Rannán Ionduchtúcháin Droichead agus go mbeidh dóthain deiseanna acu teagmháil a dhéanamh leis an MNC agus tacú leis le linn phróiseas Droichead. Is gá a chinntiú freisin go bhfuil gach ball den FTG eolach ar chomhthéacs na scoile ina bhfuil an MNC fostaithe ionas go mbeidh an tacaíocht a thairgtear oiriúnach, ábhartha agus comhsheasmhach.

Samhlaítear go mbeidh scoileanna a bhunóidh FTG idirscoile gar dá chéile, ach d'fhéadfadh go mbeadh cásanna ann nuair nach mbeadh scoil, ar chúis ar bith, ag iarraidh dul i gcomhpháirtíocht leis an scoil nó leis na scoileanna is gaire di. I gcás mar sin, b'fhéidir gur mhaith leis an scoil oibriú le scoil eile, cé nach bhfuil sí cóngarach di, a bhfuil caidreamh seanbhunaithe aici leis an scoil nó a bhfuil comhthéacs i bpáirt acu, mar shampla Gaelscoil nó scoil speisialta. Ba mhaith an rud é comhoibriú mar sin a bheith ann, má

tá sé indéanta ó thaobh shuíomh na scoileanna agus le gur féidir le gach FTG agus MNC an leibhéal tacaíochta a theastaíonn uathu a fháil. Caithfidh ball oilte amháin ar a laghad den FTG a bheith ón óst-scoil/scoil Droichead (an scoil ina bhfuil an MNC fostaithe).



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers